

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE
FÓMHAR 2019

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

Triail Chluastuisceana– 100 MARC

Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

Uimhir Scrúdaithe	Uimhir PPS	Uimhir Oide

ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

FÓGRA I

1. Cén grúpa a d'eisigh an fógra?

Conradh na Gaeilge

C.O.G.G.

Foras na Gaeilge

Scoil Ghaeltachta na Mumhan

2. Lasmuigh de bheith ag obair le háiseanna teagaisc, céard eile a bheidh á n-eagrú ag an duine a cheapfar?

Turais timpeall na tíre

Cúrsaí do mhúinteoirí

Bratach ghlas

Cúrsaí do pháistí

3. Cá fhad a mhairfidh an post nua?

Is post buan é

Trí bliana

Bliain amháin

Cúig bliana

4. Cé chomh minic is a bheidh ar an duine a cheapfar a bheith i mBaile Átha Cliath?

Cúpla uair sa tseachtain

Cúpla uair sa bhliain

Gach lá

Cúpla uair gach re bliain

5. Céard é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach?

27 Lúnasa, 2019

7 Lúnasa, 2019

17 Lúnasa, 2019

20 Lúnasa, 2019

FÓGRA II

1. Cathain a tháinig *Súgradh Só* amach ar dtús?

1963

1909

1979

1969

2. Cén grúpa a rinne digitiú ar an albam?

Súgradh gnó

Gael-Linn

Gleoite

Foras na Gaeilge

3. Cén cór a chan ar an albam?

Cantairí Ceoil

Cór Uí Cheallaigh

Cantairí Beaga Átha Cliath

Cór Bhaile Átha Cliath

4. Cén t-amhránaí cáiliúil a chan ar an albam?

Ding Dong Dederó

Mary Black

Proinsias Ó Ceallaigh

Ed Sheeran

5. Cén suíomh idirlín a thugann níos mó eolais faoin albam?

www.súgradhsó.ie

www.gael-linn.ie

www.maryblack.ie

www.cantairí.ie

FÓGRA III

1. Cén áit i nDún na nGall a bhfuil Músaem Chontae Dhún na nGall suite?

Gaoth Dobhair

An Fal Carrach

Bun Cranncha

Leitir Ceanainn

2. Céard a bheidh ar siúl sa mhúsaem i Mí Mheán Fómhair?

Taispeántas sealadach

Ceardlanna scoile

Ceolchoirm

Ceardlanna ollscoile

3. Céard is ainm don áis a chuireann an músaem ar fáil do pháistí?

Aimsigh an Taisce

Bleachtair ar Strae

Mála Droma na mBleachtairí

Tóraíocht Taisce

4. Cén t-am a osclaíonn an músaem ar an Aoine?

4.30 r.n.

10.00 r.n.

4.30 i.n.

10.30 r.n.

5. Céard a mholtar a dhéanamh chun tuilleadh eolais a fháil?

Ríomhphost a chur

Glaó a chur ar an músaem

Cuardach a dhéanamh ar líne

Litir a sheoladh chuig an músaem

ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

COMHRÁ I

1. Cén lá den tseachtain a mbíonn “Bewleys ag a 6” ar siúl?

Dé Domhnaigh

Déardaoin

Dé hAoine

Dé Máirt

2. Cén áit i mBewleys a mbíonn an ócáid ar siúl?

Ar an díon

San íoslach

Sa chaife

San amharclann

3. Cá fhad a mhaireann an ócáid?

1 uair an chloig

2 uair an chloig

3 huair an chloig

4 huair an chloig

4. Cé mhéid a chosain na ticéid?

15 euro

5 euro

25 euro

16 euro

5. Cá mbuailfidh Conchúr le hÍde?

Ag a hionad oibre

Ag Bewleys

Lasmuigh d’Fhaiche Stiabhna

Ag siopa éadaí

Ar lean →

COMHRÁ II

1. Cé a bhí sa Spáinn in éineacht le Deirdre?

Caoimhín

A máthair

A hathair

Máirtín Tom Sheáinín

2. Cén fáth a raibh díomá ar Dheirdre sa bhliain 2017?

Cuireadh deireadh le *Comhrá*

Ní raibh sí in ann dul go dtí an Spáinn

Chaill sí a post

Chuaigh a máthair go hAndalucia

3. Cathain a bheidh *Comhrá* ar ais?

Dé Domhnaigh seo chugainn

An mhí seo chugainn

An bhliain seo chugainn

Dé Máirt seo chugainn

4. Dar le Caoimhín, cén bua speisialta atá ag Máirtín Tom Sheáinín?

Tá bua éisteachta den scoth aige

Tá sé in ann scéalta a fháil ó aíonna ar bhealach ciúin stuama

Tá sé in ann amhráin a fháil ó aíonna ar bhealach ciúin stuama

Tá bua aige na haíonna a chur ag canadh

5. Céard as do Mháirín Windsor ó dhúchas?

Sasana

Baile Átha Cliath

Baile an Chléirigh

Conamara

COMHRÁ III

1. Cén fáth a bhfuair Moya duais?

Bhuaigh sí cluiche peile

Bhuaigh sí “Traenálaí na Bliana”

Bhuaigh sí an rás cúig chiliméadar

Bhuaigh sí an rás deich gciliméadar

2. Ce chomh minic is a théann Moya ag traenáil?

Gach oíche Luain

Gach oíche

Trí huair sa tseachtain

Cúig huair sa tseachtain

3. Cé a bhíonn ag traenáil le Moya de ghnáth?

A deirfiúr

Beirt chairde

Traenálaí

Bainisteoir an Ionaid Ghleacaíochta

4. Cá fhad a mhaireann seisiún aclaíochta Dhónail?

5 nóiméad

100 nóiméad

50 nóiméad

55 nóiméad

5. Céard a bheidh ar siúl i nGaoth Dobhair an mhí seo chugainn?

Rás seoltóireachta

Rás sealáíochta

Rás rámhaíochta

Rás rothaíochta

ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

MÍR NUACHTA I

1. Cá mbeidh John Prendergast ag obair ina phost nua?

Trá Lí

Indiana

Ceanada

Corca Dhuibhne

2. Céard as do John Prendergast ó dhúchas?

Corcaigh

Trá Lí

Corca Duibhne

An Bhreatain Bheag

3. Cén ollscoil a bhronn céim ar John Prendergast?

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Coláiste Notre Dame, Indiana

Ollscoil na Breataine Bige

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

4. Céard a bhí ar siúl ag John Prendergast i gCeanada?

Ag staidéar

Ag múineadh Gaeilge

Ag taisteal

Ag teagasc le Fulbright

5. Cén cuspóir ar leith atá ag John Prendergast dá phost nua?

Gaeilge labhartha a spreagadh i measc daoine óga

Gaeilge scríofa a spreagadh i measc daoine óga

Caighdeán ard sa Ghaeilge scríofa a chothú

Gaeilge labhartha a spreagadh i measc seandaoine

MÍR NUACHTA II

1. Cá fhad a bhí Oifig an Phoist i Leitir Mealláin?

8 mbliana

80 bliain

88 mbliana

18 mbliana

2. Cathain a d'fhógair *An Post* go raibh siad chun na hoifigí poist a dhúnadh?

Mí Lúnasa

Mí Aibreáin

Mí Mheán Fómhair

Mí Iúil

3. Cé mhéad oifig an phoist atá le dúnadh i nGaeltacht na Gaillimhe?

160

18

4

80

4. Cá fhad a chaith Caroline Uí Ráinne mar mháistreás poist i Leitir Mealláin?

7 mbliana

27 mbliana

17 mbliana

18 mbliana

5. Cén post atá ag David McRedmond?

Úinéir na hoifige i Leitir Mealláin

Láithreoir ar *Athmhaidin*

Máistir poist le *An Post*

Príomhfheidhmeannach ar *An Post*

MÍR NUACHTA III

1. Cén post atá ag Seán Kyne?

Láithreoir le *RTÉ Raidió na Gaeltachta*

Oifigeach ar Choiste an Ionaid Phobail

Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin

Aire Oideachais agus Scileanna

2. Cé mhéad duine is féidir leis an halla a thógáil?

100

140

400

4

3. Lasmuigh de stáitse agus seomraí feistis, céard eile atá sa halla?

Áiseanna chun bia a chur ar fáil

Páirc imeartha

Seomraí do chruinnithe

Áiseanna don cheol

4. Cé mhéid airgid a chosain an halla nua?

€7,000

€70,000

€700,000

€700,000,000

5. Cén moladh a thug Joe McHugh do na daoine a bhí ar an gcoiste?

Mhol sé an bhéim a chuir siad ar an nGaeilge

Mhol sé a ndíograis

Mhol sé a bhfoighne

Mhol sé a bhflaithiúlacht